

Corpoideachas trí Ghaeilge

ocht déag,
naoi déag,
fiche, ...



Déan cúram cuí den sábháilteacht i gcónaí trína chinntiú go mbaineann an páiste feidhm as cleachtais shábháilte.

Lá 10: Téamh Suas: Na Cait agus na Lucha

Forbairt: Modhanna Éagsúla Taistil

Téamh Síos: An Aibítir

Fearas: feadóg, 5 chón ag gach foireann de chúigear agus trí liathróid éagsúil, más féidir.

Cuspóirí: Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- cluichí a imirt le fonn agus cothrom na féinne a bheith chun cinn maraon le meas ar dhaoine eile atá páirteach
- teacht ar réiteach leis an bhfoireann chun modhanna taistil éagsúla a roghnú agus a aontú
- modhanna taistil éagsúla a iniúchadh i ngrúpaí beaga agus scileanna cruthaitheachta na bpáistí a fhorbairt
- tuiscint ar rialacha a fhorbairt
- an Ghaeilge a úsáid go cumarsáideach agus le fonn

	Teanga Riachtanach	Teanga Chomhlántach
Téamh Suas: Na Cait agus na Lucha Leag amach spás cinnte don téamh suas seo. Roghnaíonn an múinteoir cúig chat agus déanann siad ciorcal beag. "A, B, C, D, E – is sibhse na cait.	<i>An cat nó luch tú? Is ____ mé. Rug mé ort. Rug ____ orm. Níor rug tú / sé / sí orm. Bhí do lámh in aice liom ach níor leag tú lámh</i>	<i>Tá X fós ag rith agus rug na cait air/uirthi. Bhrúigh ____ mé agus ghortaigh mé mo ____. Tá mé ceart go leor anois.</i>

Corpoideachas trí Ghaeilge

ocht déag,
naoi déag,
fiche, ...



<p><i>Gach duine eile – is sibhse na lucht.</i>” Ansin déanann na lucht ciorcal mór lasmuigh de na cait. <i>“Beir greim láimhe ar an duine in aice leat.”</i> Tosaíonn siad go léir ag siúl sa ciorcal – na cait ag dul ar dheis / na lucht ag dul ar chlé agus beidh gach duine ag comhaireamh os ard 1 – 10 nó 10 – 20. Ag a 10/20 briseann an dá ciorcal agus ritheann gach duine. Tosaíonn na cait ag breith ar na lucht – <i>“Rug me ort.”</i> Bíonn ar na páistí seasamh in aice leis an múinteoir nuair a rugtar orthu.</p>	<p><i>orm.</i> <i>Níl sé seo ceart ná cóir. Tá ___ ag caimiléireacht.</i> <i>Ní raibh go leor ama agam.</i> <i>Ní bhfuair mé aon seans fiú.</i> <i>Tabhair seans eile dom led’ thoil.</i> <i>An bhfuil cead agam a bheith i mo chat?</i> <i>Ba mhaith liom a bheith mar chat.</i> <i>Ní féidir liom breith ar ___.</i> <i>Cabhraigh liom breith ar ___.</i> <i>Cabhraigí liom breith ar ___.</i> <i>Tusa téigh an treo sin agus rachaidh mise an treo seo.</i></p>	<p><i>Tá ___ ró-thapa. Tá ___ an-tapa, nach bhfuil?</i> <i>Bhí sé éasca / deacair breith ar gach duine.</i> <i>Ní raibh ___ ag cabhrú linn.</i> <i>Rug mé ar chúigear / ar sheisear / ar sheachtar.</i> <i>Níor rug mé ar dhuine ar bith.</i> <i>Níor éirigh liom breith ar aon duine!</i> <i>Is breá liom an cluiche seo.</i> <i>(fuath / aoibhinn / maith – Is fearr liom an cluiche seo ná ___.)</i></p>
<p>Forbairt: Modhanna Éagsúla Taistil Ag taisteal ó A go B ag úsáid scileanna éagsúla (Ní rás é seo. Tá an bhéim ar chruthaitheacht agus ar éagsúlacht sa chluiche seo.) <i>Beidh cúigear ar gach foireann. (5 chón ag gach foireann + 3 liathróid éagsúil, más féidir)</i> <i>Beidh cón ag an tús (A) agus beidh cón ag an deireadh (B) agus beidh trí chón idir A agus B. Is féidir libh bhur rogha rud a dhéanamh leis an trí chón i lár – ní gá go mbeidís i líne dhíreach ach ná bíodís sa tslí ar aon foireann eile.</i> <i>(Moltaí: Is féidir libh dul timpeall orthu nó dul</i></p>	<p><i>Ní rás é seo.</i> <i>Beidh ar gach duine páirt a ghlacadh sa chluiche seo.</i> <i>ar dheis / ar chlé / tharastu / timpeall orthu / leathslí</i> <i>Bígí ag caint lena chéile.</i> <i>Conas a rachaidh tusa ó A go B?</i> <i>Beidh mise ag ___.</i> <i>(ag siúl go mall / ag rith go tapa / ag preabadh na liathróide / ag caitheamh na liathróide in airde / ag rolladh na liathróide / ag druibleáil na liathróide / ag ciceáil na liathróide / ag siúl droim ar ais / ag léim ar chos amháin / ag scipeáil)</i> <i>Ba mhaith liom a bheith ag ___.</i></p>	<p><i>Cén foireann ab fhearr?</i> <i>Cé a bhuaigh, a mhúinteoir?</i> <i>Nach raibh an rud a rinne ___ go hiontach / ar fheabhas?</i> <i>Bhí an rud a rinne ___ an-cliste.</i> <i>Ní raibh ___ ag éisteacht leat / linn.</i> <i>Níl a fhios agam cad a dhéanfaidh mé.</i> <i>A mhúinteoir, cabhraigh liom / linn, le do thoil.</i> <i>Tá an cluiche seo an-éasca / an-deacair.</i> <i>Ar dtús bhí mé ag ___ ansin bhí X ag ___ ar</i></p>

Corpoideachas trí Ghaeilge

ocht déag,
naoi déag,
fiche, ...



<p><i>tharastu nó dul leathslí timpeall orthu nó is féidir libh iad a bhogadh amach ar dheis nó ar chlé.)</i></p> <p>Beidh ar gach duine ar an bhfoireann dul ó A go B ag úsáid scil / gníomh / modh taistil difriúil – beidh an scil / gníomh / modh taistil céanna agat ag dul ó A go B ACH níl cead ag éinne eile i do fhoireann an scil / gníomh / modh taistil céanna a úsáid. Beidh 5 scil / gníomh / modh taistil difriúil ag gach foireann.</p> <p><i>Beidh ar na foirne teacht ar réiteach mar beidh ar gach duine dul ó A go B ag úsáid scileanna / gníomhaíochtaí / modhanna taistil éagsúla. (ag druibleáil na liathróide / ag preabadh na liathróide / ag rolladh na liathróide / ag léim / ag rith / ag scipeáil / srl). Ba mhaith liom gluaiseachtaí / gníomhaíochtaí / modhanna taistil difriúla a fheiceáil. Níl cead aon ghníomhaíocht / gluaiseacht atá dainséarach a úsáid. Is fiú cúpla sampla a thabhairt dóibh chun tuiscint na bpáistí a chinntiú.</i></p>	<p><i>An bhfuil cead agam a bheith ag _____? An féidir liom a bheith ag _____? Ar dtús beidh mé ag ___ ansin beidh X ag _____ ar deireadh _____.</i></p> <p><i>Cén ghluaiseacht a dhéanfaidh tú? An mbeidh liathróid (ag teastáil) uait / uaibh? Beidh ___ uaim / uainn, más é do thoil é. / Ní bheidh aon rud uaim / uainn. An féidir leat smaoineamh ar ghluaiseacht nua? Is féidir leat do rogha rud a dhéanamh. Ach ní féidir leat rud éigin dainséarach a dhéanamh? Ní féidir leat duine eile a ghortú. Ní thuigim / thuigimid cad atá le déanamh agam / againn.</i></p>	<p><i>deireadh _____.</i></p>
<p>Téamh Síos: An Aibítir Is féidir dhá ghrúpa a chur le chéile ón gcluiche roimhe seo – deichniúr nó daréag. Iarr ar na grúpaí éagsúla “O” nó “O mór” nó “an</p>	<p><i>Seas ansin. Fan ansin.</i></p> <p><i>Druid thall. Bog sall.</i></p>	<p><i>Níl go leor daoine againn.</i></p> <p><i>Tá an iomarca daoine againn.</i></p> <p><i>Ní thuigim é seo.</i></p>

Corpoideachas trí Ghaeilge

ocht déag,
naoi déag,
fiche, ...



<p>ceannlitir "O" a dhéanamh ar dtús. Ansin beidh orthu anál mór a thógaint isteach agus é a scaoileadh amach go mall.</p> <p>Ansin iarr orthu an litir "A" a dhéanamh (A mór / an ceannlitir A). Anois beidh orthu dhá anál mór a thógaint agus iad a scaoileadh amach go mall.</p> <p>An litir "W" – trí anál</p> <p>An litir "E" – ceithre anál</p> <p>An litir "G" – cúig anál</p>	<p><i>Druid thall ansin. Bog thall ansin.</i></p> <p><i>An bhfuil cead againn luí ar an talamh?</i></p> <p><i>Níl an líne sin díreach. Tá an líne sin cam.</i></p> <p><i>Táimid réidh.</i></p> <p><i>Tá píosa ar iarraidh. Tá píosa in easnamh.</i></p>	<p><i>Sin g beag. Tá orainn g mór a dhéanamh.</i></p> <p><i>Níor chuala mé an múinteoir. Cad a dúirt sé/sí?</i></p> <p><i>Níor chuala me tú, a mhúinteoir.</i></p> <p><i>Tá ____ ag caint as Béarla!</i></p>
<p>Prionta sa Timpeallacht</p>	<p>Ba mhaith liom a bheith ag _____.</p> <p>ag ciceáil na liathróide</p> <p>ag rolladh na liathróide</p> <p>ag preabadh na liathróide</p>	

Comhghairdeas leat, má tá an deich gceacht déanta agat. Ta súil agam gur bhain tú agus do rang taitneamh agus tairbhe as na ceachtanna.

Siobhán

Corpoideachas trí Ghaeilge

Text

ocht déag,
naoi déag,
fiche, ...



Corpoideachas trí Ghaeilge

ocht déag,
naoi déag,
fiche, ...

